# Aonad 9 - Ceacht 4

## Bileog an Mhúinteora:
## Cad a imríonn tionchar orainn?
## Tionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar chaiteachas

| Tionchar (catagóir) | Samplaí nuair a bhíonn an tionchar seo dearfach | Samplaí nuair a bhíonn an tionchar seo diúltach |
|---|---|---|
| Mé féin | Ag cuardach timpeall; ag déanamh comparáide idir praghsanna; ag coigilt nuair atá rud éigin uait. | Tobcheannach; gan smaoineamh faoin todhchaí; siopadóireacht sóláis; ag fáil iasachta nuair atá rud éigin uait. |
| Tuismitheoirí agus clann | Ag buiséadú go cúramach; Ag roinnt dea-chleachtais; M.sh. ag sábháil | Mura mbíonn an chlann cúramach – má chaitheann siad airgead nach mbíonn acu. |
| Cairde, comhscoláirí, lucht aitheantais | Ag fáil lascainí do ghrúpaí nuair atá turas scoile á eagrú; ag tógáil lóin ar scoil. | Ag déanamh breithiúnais ort bunaithe ar d'éadaí; Brú chun dul go dtí áiteanna nach bhfuil airgead agat ina leith. |
| Na meáin, Na meáin shóisialta | Tugann na meáin treoir agus comhairle dúinn. Bíonn fógraí agus cláir éagsúla acu a thugann dea-shampla dúinn. M.sh. bíonn fógraí ag an CCPC. | Fógraí leanúnacha ag cur brú ort rudaí a cheannach. Fógraí a chuireann brú am Nollag. Cultúr a leagann béim ar íomhá agus ar earraí seachas ar dhaoine. An iomarca béime ar ábharachas. |
| Rochtain | Má tá an rochtain srianta, bíonn deis níos fearr ag daoine buiséad a dhéanamh agus airgead a shábháil. | Mura mbíonn teacht agat ar airgead is féidir leis dúshláin a chruthú freisin. Seans nach bhfoghlaimeoidh daoine faoin bhfíorluach a bhaineann leis. |